



## EACNAMAÍ

Comhlacht rialtais isea An Gníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta ná tógáil pobail inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanaimid soláthar tithíochta a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais agus éileamh reatha agus amach anseo trí bheith ina ionad saineolais ar thithíocht, trí thacú le forbairt beartais tithíochta agus trí chlár tithíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar le daoine eile.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Maoin a Fhoinsiú agus a Fháil do Thithíocht Shóisialta
- Rialáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- Comhairle Beartais
- Feabhsúchán Piríte
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht d'Údaráis Áitiúla
- An Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos
- Taighde agus Anailís
- Seirbhísí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- Fo-fhrithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus Eolas do Chleachtóirí Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Cúnamh chun tithíocht inacmhainne a sholáthar

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag [www.housingagency.ie](http://www.housingagency.ie).

Tá An Gníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratais anois ar Eacnamaí chun oibriú san Fhoireann Beartais agus Cumarsáide.

## PRÍOMHDHUALGAIS

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair mar chuid d'fhoireann bheag. Is iad na príomhdhualgais a bheidh acu:

- Sonraí a chur le chéile agus a anailisiú ar mhargadh tithíochta na hÉireann agus an geilleagar níos leithne
- Doiciméid shoiléire bheachta a dhréachtú
- Eolas cothrom le dáta a choinneáil ar fhorbairtí i mbeartas tithíochta

- Cuidiú le comhairle bheartais a fhorbairt don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- Dul i mbun aon fheidhmeanna sonracha eile de réir mar is gá ó am go ham.

## Riachtanais Oideachais

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

- Céim Mháistreachta (Leibhéal 9 ar a laghad sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i ndisciplín Eacnamaíochta le comhpháirt láidir anailíse sonraí

agus

- Na hinniúlachtaí don ról atá leagtha amach thíos a léiriú.

## Inniúlachtaí

### Anailís & Cinnteoireacht

- Smaoiníonn an t-iarrthóir go soiléir, go hanailíseach agus go hoibiachtúil faoi shaincheisteanna beartais eacnamaíochta agus sóisialta
- Déanann an t-iarrthóir miontaighde ar shaincheisteanna
- Tagann an t-iarrthóir ar chonclúidí cruinne agus déanann siad moltaí cothroma le fianaise mar thaca leo

### Seachadadh Torthaí

- Glacann an t-iarrthóir freagracht agus tá siad freagrach as cuspóirí comhaontuithe a sheachadadh
- Bainistíonn an t-iarrthóir go rathúil raon tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna
- Tá an t-iarrthóir seiftiúil agus cruthaitheach, ag giniúint cur chuige bunaidh agus fadhbhanna á réiteach agus cinntí á ndéanamh

### Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Ábalta iad féin a chur in iúl ar bhealach soiléir agus deisbhéalach agus iad ag labhairt agus ag scríobh
- Ábalta tógáin chasta a chur in iúl ar bhealach simplí, ag déanamh saincheisteanna inrochtana do dhaoine nach speisialtóirí iad
- Oibriú go héifeachtach le daoine eile

### Eolas Speisialtóra

- Léiríonn an t-iarrthóir scileanna anailíseacha agus léirmhínithe sonraí
- Eolas ar úsáid chúí teicnící cainníochtúla agus cáilíochtúla
- Eolas oibre láidir ar phacáistí caighdeánacha bogearraí gnó, m.sh. Excel, Word, PowerPoint 7r
- Eolas ar phacáistí staidrimh, m.sh. EViews, SPSS, R, Tableau

- Eolas ar mhargadh tithíochta na hÉireann

## Scála Tuarastail – Scálaí Gairmiúla III CS

€32,321 - €34,650 - €35,274 - €38,383 - €41,502 - €44,622 - €47,743 - €49,670 - €51,592 –  
€53,526 - €55,447 - €57,374 - €59,302 - €61,224 - €63,159  
LSI 1 - €65,302  
LSI 2 - €67,440

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála de réir bheartas an rialtais.** D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i bhfeidhm más státseirbhíseach/fostaí sa tseirbhís phoiblí tú atá ag fónamh faoi láthair díreach roimh an gceapachán.

## Spríodhata d'iarraitais – Dé Máirt, an 18<sup>ú</sup> Bealtaine 2021 ag 12.00 meán lae

### Nós Imeachta Iarraitais

- Caithfear gach cuid den bhfoirm iarraitais a chomhlánú
- Ba chóir iarraitais a chlósscríobh agus a chur isteach trí ríomhphost i bhformáid PDF chuig [recruitment@housingagency.ie](mailto:recruitment@housingagency.ie)
- Caithfidh iarrthóirí na nithe seo a leanas a sholáthar:
  - a. litir chumhdaigh ag cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
  - b. foirm iarraitais chomhlánaithe ón nGníomhaireacht Tithíochta
- Cuirfear iarrthóirí ar an ngearrliosta bunaithe ar an eolas a sholáthrófar
- Ní bhreithneofar ar iarraitais neamhiomlána do ghearrliostú
- Ní ghlacfar le hiarraitais in imthosca ar bith tar éis an spríodhata
- Dícháileofar go huathoibríoch mar gheall ar chanbhasáil ag an iarrthóir nó thar a cheann

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar go gceapfaí é, nó má éiríonn siad as an bpost tar éis dóibh glacadh leis nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, d'fhéadfadh An Gníomhairacht, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.